

**Scéim do chur i  
bhfeidhm *Acht na dTeangacha*  
*Oifigiúla 2003*  
DCU**

**Mír 1: Réamhrá agus Cúlra**

**Mír 2: Foramharc ar Ollscoil Chathair Bhaile Atha Cliath**

**Mír 3: Grúpa Oibre**

**Mír 4: Scéim DCU Uimh. 1 (2006 – 2009)**

**Mír 5:           Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime**

**Mír 6:           Bolscaireacht ar an Scéim Chomhaontaithe**

**Mír 7:           Seirbhísí ó Scoileanna agus Seirbhísí Lárnacha eile**

## **Mír 1 – Réamhrá agus Cúlra**

D’ullmhaigh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath an scéim seo faoi alt 11 d’Acht na dTeangacha oifigiúla 2003 (“an Acht”).

Soláthraíonn *alt 11* d’ullmhú a dhéanann comhlachtaí poiblí de scéim reachtúil a mhionsonraíonn na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla;

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfaí seirbhís ar bith nach gcuireann an comhlacht ar fáil trí mheán an Gaeilge a chur ar fáil laistigh d’fhráma ama comhaontaithe.

### **1.1 Treoirínte d’ullmhú Scéime**

Soláthraíonn *alt 12* den Acht do threoirínte a ullmhaíonn an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus dá n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú in ullmhú dréacht-scéimeanna. Rinneadh an scéim seo ag féachaint do na Treoirínte seo.

## **Iarratas d’Aighneachtaí**

Rinne DCU “Iarratas d’Aighneachtaí” a ullmhú agus a eisiúint in Eanáir 2005. Is é an dáta deiridh d’aighneachtaí ná 24 Feabhra 2005 ag 5pm.

### **Fuarthas agus breathnaíodh ar aighneachtaí ó:**

Glór Bhréifne, Glór na nGael, An Cabhán

Conradh na Gaeilge

An Cumann Gaelach, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath,

Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge

Gaelscoileanna Teo

Laurel Hill Coláiste FCJ, Luimneach.

Rinneadh aighneachtaí a aistriú agus a athbhreithniú agus mar thoradh air seo tugadh cuireadh don Chumann Gaelach chun beirt ionadaithe a sholáthar le dul isteach sa Ghrúpa Oibre.

### **1.2 Dáta Tosaithe na Scéime**

Dheimhnigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an scéim seo. Tá an Scéim curtha i bhfeidhm ó 3 Aibreán 2006 agus feidhmíodh sí ar feadh tréimhse de thrí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndeimhneoidh an tAire scéim úr de bhun *alt 15* den Acht, cibé is luaithe.

## **Mír 2 Foramharc ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath**

### **2.1 Campas agus Foirgnimh na hOllscoile**

Tá DCU suite ar champas 85 acra cóngarach don M50 agus d’Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá Ascaill Uí Choileáin, Páirc Choláiste Ailbhe agus Bóthar Bhaile Munna thart ar an gcampas.

Thosaigh stair an champais thart ar 1830 nuair a bhí sé ina ionad d’oideachas talmhaíochta. Teach cónaithe do mhic léinn a bhí sa chéad fhoirgneamh agus bhí roinnt d’foirgnimh fheirme ann. Tógadh Coláiste Ailbhe, an áit ina bhfuil Oifig an Uachtaráin suite, i 1851. Téann an t-ainm siar go dtí 1853 nuair a rinneadh an Institiúid a ath-ainmniú go foirmiúil mar “Coláiste Talmhaíochta Ailbhe”. Tháinig Dámh Talmhaíochta Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath i gceannas air ó 1926 go 1978.

I 1979, ghlac an Institiúid Náisiúnta Ardléinn, NIHE Bhaile Átha Cliath ceannas ar an gcampas. Rinneadh na foirgnimh a bhí ann a athchóiriú agus tógadh foirgnimh úra. I mí na Samhna 1980 chuaigh an chéad 200 mac léinn isteach i NIHE Bhaile Átha Cliath.

I 1986 bunaigh Rialtas na hÉireann Coimisiún Idirnáisiúnta lena fháil amach an raibh na NIHEanna ábalta a rólanna *de facto* mar ollscoileanna a chomhlíonadh níos éifeachtaí le hathrú teidil agus feidhmeanna. De bhun mholadh an Choimisiúin, d’fhógraigh an Rialtas a chinneadh maidir le stádas ollscoile neamhspleách a thabhairt do NIHE Bhaile Átha Cliath in Eanáir 1989. I mí an Mheithimh 1989 tugadh Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath ar NIHE Bhaile Átha Cliath.

### **2.2 Mic Léinn**

Tá thart ar 9,500 mac léinn cláraithe i DCU ag staidéar go lánaimseartha agus go páirtaimseartha. Tá thart ar 75% acu sin ina bhfóchéimithe agus 25% ina n-iarchéimithe. Tá 47 bunchéim ann agus a lán d’iarchéimeanna agus céimeanna páirtaimseartha/oíche ann. Tá líon mór de mhic léinn ag obair i gcláir taighde ag leibhéal Máistireachta agus Dochtúireachta ann chomh maith.

Tá an Lárionad Náisiúnta Cianoideachais (Oscail) suite ar an gcampas chomh maith agus tá thart ar 3,000 mac léinn ag déanamh cúrsaí ag leibhéal céime agus cúrsaí gairide trí chianoideachas.

Cé gur fágálaithe scoile Éireannacha an chuid is mó de na mic léinn a théann isteach go DCU (Tuaisceart Éireann san áireamh), aistríonn mic léinn ó choláistí eile chomh maith (sealbhóirí teastais ag déanamh céime agus ag tosú sa dara nó an tríú bliain), mic léinn malairte (mic léinn ó ollscoileanna eile ag caitheamh bliana, nó páirt de, i

DCU), mic léinn idirnáisiúnta (ón nGearmáin, ón bhFrainc, ón Spáinn, SA, ón Ostair, ón tSín, ón tSeapáin etc.) agus mic léinn aibí. Rangaítear mic léinn mar mhic léinn aibí má bhíonn a 23ú breithlá ann roimh dul isteach sa chéad bhliain de chéim fhochéimithe. Faoi láthair, tá mic léinn aibí ar 5% de na mic léinn, tá an uimhir seo, áfach, ag dul i méid.

## **2.3 Ráiteas Misin**

Is é misean DCU ná cruthaitheacht a chothú agus tús a chur le hathrú a rachfadh chun tairbhe na sochaí.

## **Croíghníomhaíocht**

Bainfidh DCU an misean seo amach trí eolas a fháil amach, anailís a dhéanamh air agus é a leathnú agus a scaipeadh, trí smaoinadh cruthaitheach agus criticiúil a fhorbairt, agus trí scileanna agus foghlaim a chothú.

## **Croíluachanna**

Is iad na luachanna sainsiúla a bheidh ag DCU ná:

Comhoibríoch agus líonraithe  
Inrochtana agus oscailte  
Forbarthach agus tacaíoch  
Nuálaíoch agus solúbtha

Tá DCU tiomanta d'ionracas intleachtach, oibiachtúlacht, agus saoirse acadúil.

## **2.4 Rannóga Acadúla**

### **Scoil Ghnó DCU (Coibhéiseach Dáimhe)**

#### **Dámh na hInnealtóireachta agus Ríomhaireachta**

An Scoil Ríomhaireachta  
An Scoil Innealtóireachta Meicniúla agus Déantúsaíochta  
An Scoil Innealtóireachta Leictreonaí

#### **Dámh na hEolaíochta agus Sláinte**

An Scoil Eolaíochtaí Fisiciúla  
An Scoil Eolaíochtaí Ceimiceacha  
An Scoil Eolaíochtaí Matamaitice  
An Scoil Altranais  
An Scoil Sláinte agus Feidhmiúchán Daonna

#### **Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta**

An Scoil na dTeangacha Feidhmeacha agus Staidéar Idirchultúrtha  
An Scoil Chumarsáide  
An Scoil Staidéar Oideachais

Fiontar  
An Scoil Gnó agus Rialtais

### **Oscail (Cianoideachas)**

Seachas Fiontar, oibríonn na rannóga go léir trí Bhéarla. Oibríonn Fiontar trí mheán na Gaeilge. Is féidir le Rannáin laistigh de Scoil na dTeangacha Feidhmeacha agus Staidéar Idirchultúrtha a n-obair a dhéanamh sa teanga ina bhfuil siad comhcheangailte léi.

### **2.5 Fiontar**

Is ionad speisialta é FIONTAR i DCU a thairgeann oideachas fiontraíochta trí Ghaeilge. Tá clú tarraingthe ag céimithe agus iarchéimithe FIONTAR orthu féin sa láthair oibre, ó na hearnálacha airgeadais go dtí na hearnálacha cultúrtha.

Ullmhaíonn FIONTAR a mhic léinn do shaol corraitheach an fhiontraí trí raon leathan d'ábhair a theagasctar trí Ghaeilge. Áirítear ar na cúrsaí, Gnó, Ríomhaireacht, Gaeilge Fheidhmeach, Airgeadas, agus Fiontraíocht. Déantar staidéar ar theanga Eorpach chomh maith.

**Mír 3 : Grúpa Oibre DCU a bunaíodh  
chun an tAcht a chur i bhfeidhm**

Sa ghrúpa oibre tá:

Ionadaí ó Oifig an Uachtaráin (Jane Neville)

Ionadaí ó gach Dámh (Ger Lardner, Carmel Mulcahy,  
Ciaran Fagan, Monica Ward,  
Darach Turley)

Dhá ionadaí mic léinn ainmnithe ag  
An gCumann Gaelach. (Felim Borland  
& Jenny McDevitt)

Ionadaí amháin ó gach ceann acu seo a leanas:

Oifig Eastát	(Richard Kelly)
Cumarsáid agus Margaíocht	(Eileen Colgan)
Seirbhísí Ríomhaireachta	(Niall O’Leary)
Acmhainní Daonna	(Nessa MacDonagh)
Clárlann	(Celine Jameson)
Leabharlann	(Marie Doyle)
Gnóthaí Mac Léinn	(Catherine Roche)
Seirbhísí Oideachas	(Mícheál MacConmara)

Leanfaidh an grúpa seo ar aghaidh chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime agus chun ullmhúcháin a dhéanamh dá ionadaíocht sna blianta le teacht.

#### **Mír 4: Scéim DCU Uimh. 1 (2006 – 2009)**

Ba é an polasaí a bhí ag DCU, agus a bheidh aige, ná tacaíocht éifeachtach a sholáthar d'úsáid na Gaeilge laistigh den ollscoil. Tá an ollscoil tiomanta do chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Chun na críche seo cuirfidh an ollscoil an “Scéim” a leanas i bhfeidhm faoi mar a éilíonn an Acht.

Beidh feidhm ag na tiomantais do chaighdeáin sheirbhísí do chustaiméirí glactha ag DCU maidir le seachadadh seirbhísí dár custaiméirí leis na seirbhísí sin, cé acu go ndéanfar iad a sheachadadh trí theanga na Gaeilge nó trí theanga an Bhéarla.

Ba mhaith linn a lua gur í seo ár gCéad Scéim. Déanfaimid ár ndícheall feabhas a chur ar ár dtiomantais thar scéimeanna a bheidh ann amach anseo.

#### **Seirbhísí a sholáthraítear trí mheán na Gaeilge amháin faoi láthair:**

Oibríonn Fiontar trí mheán na Gaeilge.

*Cuireann Fiontar clár idirdhisciplíneacha fochéimithe agus iarchéimithe ar fáil, agus déanann sé taighde i bhfeidhmiúcháin do theanga na Gaeilge i sochaí chomhaimseartha. Tá na cláir agus na seirbhísí uile do mhic léinn i Fiontar déanta trí mheán na Gaeilge*

#### **Seirbhísí dátheangacha a sholáthraítear faoi láthair:**

Ní seirbhísí ar bith ar fáil go dátheangach faoi láthair.

#### **Seirbhísí a sholáthraítear trí mheán an Bhéarla amháin faoi láthair:**

Cuirtear gach seirbhís eile ar fáil trí mheán an Bhéarla amháin faoi láthair. Soláthraíonn an mhír a leanas mionsonraí maidir le treisiú na seirbhísí atá le cur ar fáil go dátheangach le linn na scéime seo.

#### **Tugann Céad Scéim DCU faoi (mura léirítear a mhalairt, rachfaidh gach tiomantas i bhfeidhm ag tosú na scéime)**

1. Leanúint den Ghrúpa Oibre a bunaíodh chun an scéim seo a chur i bhfeidhm d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim thar an tréimhse 2006-2009.
2. Go mbeidh gach seirbhís ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla in Oifig Dhámh na Daonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus in oifig Fiontar (an “Scoil Fiontraíocht” Gaeilge-bhunaithe). Cuirfear seirbhísí i nGaeilge do gach dámh ar fáil trí Oifig na Dáimhe.
3. I bpróiseas de mhóráthbhreithniú á dhéanamh anois ar chórais mhodúlacha laistigh den ollscoil, moltar gach modúl ar chláir Fiontar a chur ar fáil mar roghanna do mhic léinn ar chúrsaí eile.



4. Preaseisiúintí a eisiúnt chuig aon eagraíocht fhoilsithe nó chraoltóireachta i cibé teanga a léiríonn siad gur mhaith leo eisiúintí den sórt seo a fháil.
5. Go mbeidh gach foirm a úsáideann mic léinn nó baill an phobail ar fáil go dátheangach faoi 1 Eanáir 2007.
6. An uimhir ghutháin 700 6191 a fhoilsiú in eolairí gutháin faoin gceannteideal *Fiosrucháin Ghinearálta as Gaeilge* do dhaoine ar mhian leo teagmháil a dhéanamh leis an Ollscoil trí Ghaeilge. Fógrófar an uimhir ar láithreán Gréasáin na hOllscoile chomh maith agus trí bhealach cuí ar bith eile.
7. Litríocht ollscoile a fhoilsiú sa dóigh go mbeidh eolas ginearálta dátheangach agus go mbeidh ábhar sainiúil do chúrsaí sa teanga ina seachadtar é.
8. Eolas ginearálta go léir ar sheastáin taispeántais d'earcaíochta mac léinn a bheith i nGaeilge agus Béarla araon, agus ábhar sainiúil do chúrsaí a bheith sa teanga ina seachadtar é.
9. Ábhar a bhaineann le cúrsaí agus gníomhaíochtaí rannóga a bheith ar fáil sa teanga a úsáidtear do na gníomhaíochtaí sin. Le cois Gaeilge agus/nó Béarla d'fhéadfadh sé go mbeadh ábhar sa Fhraincis, Ghearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, sa tSeapáinis, sa tSínis, san Araibis nó teanga ar bith eile de réir mar a bheadh sé ábhartha do na daoine a bhfuil an teanga beartaithe dóibh chomh maith. D'fhéadfadh sé nach mbeadh an cineál seo ábhair ar fáil ach sa teanga ábhartha amháin.
10. Léachtaí a chur ar fáil san Ollscoil sa teanga ábhartha. Beidh léachtaí in ábhair seachas teanga ar fáil i nGaeilge nuair a bhíonn na mic léinn cláraithe do chúrsa a thegasctar trí mheán na Gaeilge. Is féidir léachtaí a bhaineann le teanga ar bith eile a thabhairt sa teanga sin. Is féidir léachtaí atá deartha do mhic léinn nach cainteoirí dúchasacha Gaeilge nó Béarla iad, a thabhairt i dteanga ar bith.
11. Ábhar cúrsa sa teanga a úsáidtear do léachtaí a bhaineann leis an ábhar sin a chur ar fáil.
12. Oiliúint in úsáid teanga na Gaeilge d'fhoireann mar pháirt d'oiliúint agus d'fhorbairt leanúnach.
13. Beidh foirmeacha a bhaineann le Fiontar i nGaeilge.
14. Cinnteoidh an Ollscoil go ndéanfar stáisiúin oibre ríomhaireachta agus ghléasanna foirmilleacha a chumrú chun tacú le hiontráil, taispeáin agus priontáil eolais i gceachtar de na teangacha oifigiúla. Beidh RA / Éire caighdeánach ag gach ríomhaire amach anseo mar a mbunchumrú eocharchláir.
15. Ar láithreán Gréasáin DCU, tá leathanaigh Fáilte an Uachtaráin agus Fiontar i nGaeilge agus i mBéarla. Tá gach leathanach eile i mBéarla.

16. Taispeánfar eolas cláir agus modúil ar líne i nGaeilge nuair a bhaineann sé leis an gclár nó an modúl. Éascóidh Timpeallacht Foghlama Fíorúla, Moodle, na hOllscoile, teagasc i mBéarla nó i nGaeilge.
17. Ó Meán Fómhair 2005 ar aghaidh, cuirfear in iúl do mhic léinn a bheidh ag lorg cóiríochta in árais chónaithe na hOllscoile go dtig leo iarratas a dhéanamh le bheith i gcóiríocht i measc mac léinn eile a bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt. Cuirfear na hiarratas seo i ngníomh agus an chóiríocht á leagan amach.
18. Déanfaidh Stiúrthóir Sheirbhísí Oideachais na hOllscoile staidéar féidearthachta le linn na tréimhse suas go dtí Meán Fómhair 2007 maidir leis an bhféidearthacht *Aonad na Gaeilge* a bhunú. Soláthródh an cineál seo d'oifig seirbhísí aistriúcháin Gaeilge do gach rannóg/rannán den ollscoil chun comhlíonadh leis an Acht agus chun inrochtaineacht de sheirbhísí i nGaeilge a leathnú le hullmhú don Scéim 2009-2012 faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Cuirfear tuarascáil ar an gceist seo i láthair an Údaráis Feidhmiúcháin agus Rialaithe faoi 30 Meán Fómhair 2006.
19. An chéad uair eile a tharlaíonn folúntas laistigh de phríomhfháiltiú na hollscoile beidh ceangaltas ann go gcaithfidh iarrthóirí a bheith ábalta a ról a chomhlíonadh i nGaeilge.
20. Déanfaidh an ollscoil athbhreithniú ar sholáthar cúrsaí trí mheán na Gaeilge agus má bhíonn éileamh go leor ann cuirfear ar fáil iad.

## **Mír 5: Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Scéime**

Coinneoidh Grúpa Oibre Theanga na Gaeilge laistigh den ollscoil ag déanamh athbhreithnithe ar fheidhmiú éifeachtach na scéime. Déanfar dul chun cinn a thairfeadh sa Tuarascáil Bhliantúil. Cinn Scoile atá feagrach as cur i bhfeidhm na scéime laistigh dá réimsí féin go príomha a dhéanfaidh an fheidhm mhonatóireachta ó lá go lá agus tuairisceoidh siad dá nDéan Dáimhe ar bhonn rialta.

## **Mír 6: Bolscaireacht ar an Scéim Chomhaontaithe**

Déanfar ábhair na scéime seo in éineacht le tiomantais agus soláthair na scéim in iúl don phobal i gcoitinne trí:

Preaseisiúint;

Seoladh Oifigiúil na scéime;

Fógraíocht na soláthairtí

Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí cuí;

Láithreán Gréasáin.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.

## Mír 7: Seirbhísí ó Scoileanna agus Seirbhísí Lárnacha eile

<b>Seirbhísí Curtha ar fáil do mhic Léinn agus de Dhaoine nó Comhlachtaí Seachtracha</b>	<b>I mBéarla amháin</b>	<b>I mBéarla agus i nGaeilge</b>	<b>I nGaeilge amháin</b>
Dámh na hEolaíochta agus Sláinte	√		
Dámh na hInnealtóireachta agus Ríomhaireachta	√		
Dámh na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta		*	
DCUBS	√		
Fiontar			√
Oscail	√		
Cúrsaí Páirtaimseartha	√		
Oícheanna/Laethanta Eolais	√		
Ostchomhdhála	√		
Cur in áirithe seomraí	√		
Léachtaí Oscailte	√		
Laethanta Oscailte		*	
Cainteanna Scoile		*	
Eolas d'Iarratasóirí		*	
Cur i láthair Scoile		*	
Eolas ar Shocrúcháin		*	
Taighde agus Comhairleacht		*	
Scrúdú Seachtrach		*	
Rannpháirtíocht i gComórtais/Imeachtaí	√		
Moltóireacht ar Chomórtais	√		
Gníomhaíochtaí Forbartha Curaclaim		*	
Imeachtaí Bailíochtaithe Cúrsaí	√		
Ballraíocht Chumainn/Comhairlí Gairmiúla	√		
Idirchaidreamh le Comhlachtaí Seachtracha		*	
Ballraíocht Shainghrúpaí Oibre		*	
Ballraíocht Phaineál Agallaimh		*	
Eolas do Thionscal	√		
Cáipéisí Ceannaigh/Tairisceana	√		
Lónadóireacht do Bhialanna/Béair agus Ócáidí	√		
Fiontraíocht agus Gnó a Thosú & Forbairt	√		
Idirchaidreamh Tionscalaíoch		*	
Seirbhísí do Mhic Léinn	√		
Próiseas Tairisceana	√		
Seirbhís Leabharlanna	√		

Go himheánach	I mBéarla amháin	I mBéarla agus i nGaeilge	I nGaeilge amháin
Boird Scoile agus Cláir		*	
Grúpa Oibre	√		
Cláir Mhúinte		*	
Cláir Taighde		*	
Eolas do mhic léinn		*	
Eolas d'fhoireann	√		
Socrúcháin mhac léinn		*	
Scrúduithe agus Measúnaithe		*	
Ceannach	√		
Athbhreithnithe Cláir	√		
Tuarascálacha Bliantúla	√		
Cláir agus Buiséid	√		
Pleananna Forbartha Foirne	√		
Tuarascálacha Ad Hoc	√		
Forbairtí Curaclaim/Cláir Úra	√		
Staitisticí Cláir	√		
Comhairleoireacht	√		
Comhairle faoi Ghairmeacha		*	
Baincéireacht	√		
Bialann	√		
Séiplíneacht	√		
Spóirt	√		
Comhairle/Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta	√		
Ionad Sláinte	√		

*\*Baineann gach seirbhís trí Ghaeilge le gníomhaíochtaí Fiontar nó lena mhic léinn nó lena mhic léinn ionchasacha*

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath  
Meitheamh 2006

\*\*\*\*\*